8

Focail Dheacra Lch

latrach ár	80
sliogáin sianaíl	81
cimí cogaidh	85

Frásaí Lch

ag stróiceadh na mionnaí móra	82

Ceisteanna Bunaithe ar Fhianaise

1. Cad é a fheiceann an Trúipéir Warren nach raibh sé ag dúil leis?
2. Cén fáth ar cheart don Trúipéir Warren an claíomh a chaitheamh uaidh, dar leis an Chaptaen Stewart?
3. Cén fáth a raibh dath glas ar an talamh go fóill?

Ceisteanna Tátalacha

1. Cad é a rinne an Trúipéir Warren a léiríonn an eagla a bhí air?
2. Cén fáth ar scaoil an trúipéir a chapall féin, i ndiaidh dó rith isteach sa tsreang?
3. Cad iad na mothúcháin a bheadh ag an Trúipéir Warren nuair a thug sé faoi deara nach raibh an chuid eile den scuadrún leis?
4. Cad é mar a léiríonn an Captaen Stewart ceannasaíocht i rith na heachtra seo?
5. Cad é a tharla do na cimí cogaidh?
6. Cad é atá i ndán don Trúipéir Warren agus don Chaptaen Stewart, do bharúil?

Ceisteanna Smaointeoireachta



1. Nuair a léann tú an cur síos a dhéantar ar an chogadh, cad iad na focail nó na frásaí a ritheann leat?
2. Tá an chuma ar an scéal gur fear deas é an Captaen Stewart, ach an dtiocfadh le duine a bheith chomh deas sin agus é i mbun cogaíochta?

Gníomhaíocht

Gníomhaíocht 1: Scríbhneoireacht

Tá sé doiligh a shamhlú na mothúcháin a rachadh trí do chloigeann dá mbeifeá in áit an Trúipéara Warren nó an Chaptaein Stewart. Smaoinigh ar eachtra a tharla duit féin (nó do dhuine eile) a chuir eagla an domhain ort. Scríobh cuntas ar an rud a tharla agus ar an dóigh a mhothaigh tú / an duine.